

Tá fáilte romhat chuig Conair Gairdín Mhóin Alúine

Scéal Phortaigh na hÉireann



1 An Loch - an chéad céim i bhforbairt portaigh



10,000 bliain ó shin ba lochanna iad na portaigh ardaithe atá coitianta i lár na tíre sa lá atá inniu ann. Ba iad na hoighearshruthanna a rinne na lochanna sin. Ag bun portaigh ardaithe, sa chéad sraith tá marla locha ann, ina bhfuil creatlacha agus sliogáin na n-éisc agus na n-inveirteabrach a mhair sna lochanna fadó. An raibh fhios agat?...Tráth dá raibh bhí uisce ar gach taobh de Oileán Loilíoch Mór, a dtugtar "An t-Oileán sa Loch" air ar na saolta seo.



2 An tEanach - an dara céim i bhforbairt portaigh




Nuair a fuair na plandaí a bhí ag fás timpeall locha bás, níor lobb siad go hiomlán toisc gach rud a bheith leathbháite. In ionad é sin rinneadh móin as na fuílligh plandaí leathlofa. Le himeacht aimsire líon an mhóin an loch. Uisce a shileann tríd an ithir nó a ritheann ó dhromchla na talún a bhíonn san eanach agus dá bharr sin bíonn an mhóin lán le cothaithigh. Baineann gnáthphlandaí eanaigh, amhail an bogshifín nó coigéal na mban sí, na cothaithigh sin ón uisce. Bíonn na gnáthóga sin cosúil le duáin a scagann is a ghlanann uisce

An raibh fhios agat?...Úsáidtear bogaigh tógtha chun dramhuisce a chóireáil



3 An Portach Ardaithe - an chéim dheiridh i bhforbairt portaigh



Sa chéim dheiridh faigheann an portach a chuid uisce ón bháisteach, a bhíonn mínaigéadach. Glacann sfagnam (nó súsan), planda bunúsach na móna, seilbh ar an bportach agus súnn sé an t-uisce go léir isteach.. Ionsúnn sé fiche oiread a mheáchain féin de uisce agus dá bhrí sin bíonn sé

an-fhliuch faoi chois Scagann sé cothaithigh ón mbáisteach agus scaoileann iain hidrigine ina n-ionad, mar sin éiríonn an comhshaol mórthimpeall air níos aigéadaí. Agus é ag fás, cruthaíonn sé móin ag ráta 1 mm gach bliain. De réir mar a fhásann an mhóin sa phortaigh, gabhann agus stóráilann sí carbón. Tá portaigh an- tábhachtach mar stórais carbóin agus uisce, agus ba chóir iad a chosaint, ní hamháin de bharr an fhiadhúlra álainn a bhraitheann orthu, ach de bharr na ngnéithe sin chomh maith. An raibh fhios agat?...I rith an Chéad Chogaidh Dhomhanda d'úsáidti sfagnam mar chóiriú créachta de bharr a airionna ionsúiteacha antaiseipteacha.



4 Seoda an Phortaigh - plandaí a itheann feithidí

Is gnáthóga dúshlánacha iad portaigh ardaithe do thromlach speiceas plandaí toisc iad a bheith aigéadach, leathbháite agus ar bheagán cothaitheach. Is plandaí sainfheidhmeacha iad gach planda phortaigh, ach is dochreidte na rudaí a dhéanann cuid acu chun leanúint ag maireachtáil. Is eiseamláirí den scoth iad na plandaí a itheann feithidí, m.sh. drúchtíní móna, lusanna an bhorraigh agus leitheanna uisce. Gabhann agus itheann siad feithidí chun na cothaithigh riachtanach nach bhfuil ar fáil sna hitheacha móinteacha a ghnóthú. An raibh fhios agat?...Úscann drúchtíní móna sreabhán greamaitheach a ghabhann feithidí. Gabhann agus itheann siad 5 fheithid gach mí, ar an meán.





5 Bagairtí ar phortaigh - muirín do ghairdíní

Baintear mórán feidhmeanna as móin ó phortaigh na hÉireann - móin tine, móin mhuilleáilte chun leictreachas a ghiniúint, muirín móna. Is dócha gur i bportach in Éirinn a bhaintear an muirín móna a cheannaíonn tú i do shiopa garraíodóireachta áitiúil. Cuirtear cothaithigh leis an móin sin chun múirín a dhéanamh a chabhraíonn le do phlandaí fás go maith. Cabhróidh tú leis na portaigh a shábháil má dhéanann tú do mhuirín féin sa bhaile, agus beidh gairdín gan mhóin agat. Ní hamháin go gcaomhnóidh do mhuirín baile na portaigh ach laghdóidh sé an méid dramhaíola orgánaí a chaithfear i líonadh talún.



Nimfeach snáthaide móire



6 Beatha Linne - bithéagsúlacht i linnte portaigh a iniúchadh

Is gnáthóga fliucha iad portaigh a mbíonn neart linnte portaigh iontu. Maireann réimse leathan de ainmhithe inveirteabracha sna linnte sin. Féadann doirbeacha, dreachaídí uisce, torbáin, earca, ógánaigh de snáthaidí móra agus de bhéchuileanna a bheith iontu chomh maith leis a lán ainmhithe iontacha eile. An raibh fhios agat?.....Maireann ógánach snáthaide móire dhá nó trí bliana san uisce agus beathaíonn sé é féin ansin roimh theacht amach ina shnáthaid mhór eitilte. Nuair a thagann sé amach faoi dheireadh is é an t-atáirgeadh an t-aon chuspóir amháin a bhíonn aige.



Tumadoir mór



7 Taifeadadh Aimsire - Scáthlán Stevenson

Bíonn an-tionchar ag an aeráid ar fhás rathúil portaigh ardaithe. Bíonn neart báistí agus teocht mheasartha de dhíth chun portaigh ardaithe a choimeád beo beathach. Is áis iontach í stáisiún aimsire le scáthlán Stevenson chun monatóireacht a dhéanamh ar staid na haimsire ó cheann ceann na bliana. Is cabhair mhór í scrúdú na haimsire chun athraithe i leibhéal an uisce agus i bhfás an phortaigh a mhíniú. An raibh fhios agat?....Ar an meán, titeann 700 mm báistí i lár na tíre gach bliain. Tugann an bháisteach ard sin deis do ghnáthóga portaigh ardaithe maireachtáil go rathúil. Bíonn 1200 mm in aghaidh na bliana de dhíth ar bhrathphortaigh agus mar sin faightear iad go hiondúil ar chósta thiar na hÉireann nó i gceantair arda, ina mbíonn níos mó báistí.



8 Bláthanna gairdín i gcontrárthacht le bláthanna portaigh





Lus mór

Iln ár ngairdíní, atá gan mhóin agus gan dochar don fhiadhúlra, feictear bailiúchán álainn na ngnáthphlandaí bláthanna a bhíonn i ngairdíní na hÉireann. Ní fheictear na plandaí sin ag fás sa phortach, áfach, de bharr easpa cothaitheach agus an portach a bheith leathbháite. Níl plandaí gairdín imithe in oiriúint sa chaoi chéanna leis na plandaí atá ag maireachtáil ar an bportach. Bíonn ithir dhea-chothaitheach de dhíth orthu, agus uaireanta bíonn tuilleadh múirín de dhíth chun cothaithigh bhreise a chur ar fáil (is fearr múirín gan mhóin!).



9 Bailiú Báistí

Tá butaí uisce in áiteanna éagsúla timpeall na ngairdíní chun an bháisteach a bhailiú. Cuirtear an t-uisce báistí sin ar ma plandaí sa teach gloine gach lá, na plandaí feithiditeacha san áireamh. Tá uisce báistí aigéadach gan mórán cothaitheach, ach is minic a bhíonn uisce buaire alcaileach agus a lán cothaitheach ann nach réiteoidh go maith leis na plandaí feithiditeacha oiriúnaithe sin.



10 Tabhair síntiús inniu agus cabhraigh le CCPÉ a mhian a fháil.

Is í mian Chomhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann ná eiseamláirí ionadaíocha phortaigh na hÉireann a chaomhnú a mbainfidh na glúine atá fós le teacht tairbhe astu. Cabhróidh do shíntiús linn ár bhfeachtas chun na portaigh a shábháil a mhaoiniú, agus chun portaigh iontacha na hÉireann lena gcuid fiadhúlra dochreidte a chosaint. Caith cúpla bonn inár dtobar mianta, agus cabhair linn tionscadail a eagrú timpeall na tíre chun portaigh a shábháil. Nó is féidir síntiús a thabhairt ar líne ag www.ipcc.ie